Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2024/5526

23.9.2024

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5526)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 6363	16 Meán Fómhair 2024	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Talleres Aykrom, S.A., Calle miravalles, nº 37, 01013, Vitoria-Gasteiz, an Spáinn	REACH/24/42/0	Plátáil chróim fheidhmiúil ar rollaí roctha, plátaí tionsclaíocha agus páirteanna uirlisí déantúsaíochta a mbíonn gá leo in earnálacha tionsclaíocha éagsúla chun ceanglais maidir le cruas, frithsheasmhacht in aghaidh cnaí, frithsheasmhacht in aghaidh creimthe, riocht dromchla maith, comhéifeacht frithchuimilte íseal agus greamaitheacht brataithe a chomhlíonadh	An 31 Nollaig 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.